# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Codáin

| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) | Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann* | | | |
| **Torthaí Foghlama** | feasacht a fhorbairt ar choibhneasa 'cuid-iomlán' trí úsáid a bhaint as réimse samhlacha (achar, fad agus tacar). | codáin a aithint agus a ainmniú de réir a ngaol 'cuid-iomlán'.<br><br>coincheap na coibhéise a fhiosrú i dtéarmaí codáin shimplí. | codáin a chur i gcomparáid, a chur in iúl i dtéarmaí coibhéiseacha, agus a chur in ord.<br><br>codán de cháinníochtaí a ríomh agus a chur in iúl ar roinnt bealaí. | na coibhneasa idir codáin, deachúlacha agus céatadáin a fhiosrú (a shamhaltú, a chur i gcomparáid agus a aistriú).<br><br>comhréireacht agus cóimheasa cáinníochtaí (tacair) a fhiosrú. |
| **Coincheapa matamaiticiúla** | Is féidir tacair, rudaí agus spásanna a roinnt ar bhealaí difriúla. | Bíonn an luach céanna ag gach sciar cothrom de thacar. | Seasann an t-uimhreoir do mhéid na gcodanna, seasann an t-ainmneoir do mhéid iomlán na gcodanna. | Is féidir codáin a chur le chéile / a bhaintear as a chéile go héasca nuair atá ainmneoir coitianta acu. |
| | Léiríonn codáin caidrimh 'cuid-iomlán'. | Is féidir uimhreacha a chur in iúl mar neart codán coibhéiseach. | Is féidir breathnú ar chodán mar léiriú roinnte. | Is féidir codáin a chur in iúl i bhfoirm dheachúlach nó chéatadánach. |
| | Ainmnítear codáin i dtaca le líon na gcodanna nó na sciartha cothroma atá acu. | Bíonn méid níos lú ag gach sciar nuair a bhíonn líon níos mó de sciartha an iomláin acu. | Cuidíonn finte codán chun coibhneas na gcodán agus / coibhéis a thaispeáint, agus nuair a bhíonn codáin á gcur le chéile nó á mbaint as a chéile. | Baintear úsáid as cóimheasa chun dhá shlánuimhir nó níos mó a chur i gcomparáid le chéile agus bíonn léirithe comhfhreagracha acu mar chodáin. |
| | | | Is féidir le codáin luach níos mó ná a haon a chur in iúl. Tá uimhreoirí atá níos airde ná na hainmneoirí ag leaschodáin. | Ní athraíonn luach an chodáin nuair a iolraítear é faoi choibhéis chodánach d'aon nó nuair a roinntear é ar cheann. D'fhéadfadh leis seo a bheith úsáideach chun coibhéis agus / nó ríomh ina bhfuil páirt ag codáin a phlé. |